

Cuntas Leithreasa 2025

Vóta 46

Fiosrú

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 46, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas atá ceangailte leis seo maidir leis an méid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 ar thuarastail agus ar chostais a bhaineann le Fiosrú.

Cuirtear olltoradh buiséid an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2025, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasai i gcabhair caiteachais don bhliain.

Dlítear barrachas de €1.803 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas ar Bheartais Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 6 a ghabhann leis.

Bunú Vóta 46

Tar éis thosach feidhme an Achta um Phóilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024 an 2 Aibreán 2025, tá ról glactha ag Fiosrú, Oifig an Ombudsman Póilíneachta, maidir le déileáil le gearáin ón bpobal i gcás ina bhfuil imní orthu faoin dóigh ar chaith na Gardaí leo, ról a bhí á chomhlíonadh roimhe seo ag Coimisiún an Ombudsman don Gharda Síochána (GSOC).

Tacóidh Oifig an Ombudsman Póilíneachta – ar a dtabharfar Fiosrú agus Oifig an Ombudsman Póilíneachta, le hobair an Ombudsman Póilíneachta agus beidh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus baill foirne inti a bheidh tarmilgthe ag an Ombudsman chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh.

Chomh maith le glacadh le gearáin ó bhaill den phobal, leanfaidh Fiosrú le himscrúdú a dhéanamh ar na cásanna a bhí ar siúl cheana féin i gCoimisiún an Ombudsman don Gharda Síochána. Tá an t-ádh ar Fhiosrú go bhfuil sé in ann foghlaim ó thaithí obair Choimisiún an Ombudsman don Gharda Síochána le 17 mbliana anuas, agus ó shaineolas a foirne tiomanta. Beidh sé sin mar bhonn agus mar thaca ag obair na heagraíochachta chun a cumas amach anseo a fhorbairt agus a fheabhsú chun déileáil le cineál athraitheach agus le castacht mhéadaitheach na ngearán agus na n-ábhar imní eile a thugtar faoinár n-aird, agus chun torthaí níos éifeachtúla, níos éifeachtaí, níos tráthúla agus níos trédhearcaí a sholáthar don phobal. Dá réir sin, cuirfidh an obair seo le feabhas a chur ar chaighdeán sa Gharda Síochána agus le muinín agus iontaoibh níos mó an phobail a chothú sa phóilíneacht in Éirinn.

Tar éis Vóta 46 Fiosrú a bhunú, aistríodh caiteachas €5 milliún a thabhaigh Vóta 24 an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Imirce sa tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 1 Aibreán 2025 i leith Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána chuig Fiosrú. Tá an caiteachas sin san áireamh freisin sna cuntais chríochnaitheacha do Choimisiún an Ombudsman don Gharda Síochána.

Ráiteas faoi na beartais agus prionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chuntasaíochta caighdeánacha maidir le cuntais leithreasa a ullmhú, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digiúcháin i gcioclán 25 de 2025, i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú. Áirítear leis sin cur i bhfeidhm roinnt Caighdeán Cuntasaíochta an Rialtais Láir a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh tréimhsí cuntasaíochta dar tosach an 1 Eanáir 2025.

Bunús an tomhais

Dímheas caipitil

Ríomhtar agus gearrtar dímheas ar réadmhaoín, ar fhearas agus ar threalamh de réir Chaighdeán Chuntasaíochta an Rialtais Láir 17.

Seo a leanas na saolréanna úsáideacha agus na rátaí dímheasa gaolmhara le haghaidh na bpríomh-aicmí réadmhaoine, fearais agus trealaimh.

<i>Aicme sócmhainne</i>	<i>Saolré fhóinteach</i>	<i>Ráta dímheasa</i>
Feabhsuithe léasachta	Thar théarma léasa 25 bliana	4% in aghaidh na bliana
Trealamh	5 bliana	20% in aghaidh na bliana
TF/Ríomhaireachta		
Trealamh Oifige	5 bliana	20% in aghaidh na bliana
Troscán, daingeáin agus feistí	10 bliana	10% in aghaidh na bliana
Mótarfheithiclí	5 bliana	20% in aghaidh na bliana

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a áirithiú go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais á chothabháil agus á oibriú ag Fiosrú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid oibleagáidí eile mar Oifigeach Cuntasaíochta.

Ina theannta sin, is féidir deimhniú réasúnta a thabhairt le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais go gcoimeádtar na sócmhainní slán, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar mar is cóir na hidirbhearta a dhéantar, agus go gcoiscítear, nó go mbraítear go tráthúil, earráidí ábhartha nó mírialtachtaí, ach ní féidir deimhniú iomlán a thabhairt in am ar bith. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an Chomhaontaithe um Bainistíocht Seirbhíse idir Fiosrú agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna, párolla agus airgeadais a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta de chuid na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go gcuirtear na rialuithe cuí i bhfeidhm maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar do Fhiosrú.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhnímid go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na gnéithe seo a leanas:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe don tuairisciú ar gach leibhéal mar ar leithdháileadh freagracht as bainistiú airgeadais.
- Cuireadh nósanna imeachta foirmeálta ar bun chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus bearta ceartaitheacha iomchuí a áirithiú.
- Tá Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca ann chun Comhairle a chur orm agus mo chuid freagrachtaí á gcomhlíonadh agam don chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta maidir leis na príomhphróisis ghnó doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Tá córas cuí buiséadaithe ag gabháil leis an mbuiséad bliantúil a gcoinníonn an fhoireann bainistíochta shinsearach súil air.
- Déanann bainisteoirí sinsearacha athbhreithniú go rialta ar thuairiscí tréimhsiúla is bliantúla feidhmíochta agus airgeadais de réir réamhaisnéisí.
- Oibríonn córas bainistíochta riosca laistigh de Fiosrú.
- Tá córais ann trína bhféachtar le slándáil na gcóras faisnéise agus cumarsáide a áirithiú.
- Tá treoirlínte iomchuí ann maidir le rialú infheistíochta caipitil agus maidir le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.

Iniúchóireacht Inmheánach agus an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag Fiosrú ina bhfuil pearsanra atá oilte go cuí, agus a oibríonn de réir cairte scríofa atá ceadaithe agam. Tá a chuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil Fiosrú neamhchosanta orthu agus tá a phleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna gceadú agam féin agus ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca i gcomhpháirt, bunaithe ar an anailís sin. Is é is aidhm do na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena áirithiú go ndéanfar obair leantach ar thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Soláthar

Áirithíonn Fiosrú go gcuirtear béim chuí ar dhea-chleachtas soláthair maidir le gach conradh a dhámhachtain agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha go léir a áirithiú. B'ionann an caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí gairmiúla agus ar sheirbhísí conraithe eile agus €5.862 milliún san iomlán in 2025.

Ní raibh aon chonradh a soláthraíodh ar bhonn neamh-iomaíoch de bhreis ar €25,000 sa tuairisceán bliantúil i ndáil le ciorclán 40/2002 don Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin, Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Tionscadal Bainistíochta Cásanna Nua Fiosrú

Tá Fiosrú i mbun córas bainistíochta cásanna nua (CBC) a fháil agus a chur chun feidhme. Cuireadh an Córas Bainistíochta Cásanna (CBC) eagraíochtúil reatha i bhfeidhm in 2008 agus cé go bhfuil an córas fós ag freastal go hiontaofa ar Choimisiún an Ombudsman don Gharda Síochána / Fiosrú, ní thairgeann sé na feidhmiúlachtaí nua-aimseartha céanna, na héifeachtúlachtaí céanna, ná na cumais chun anailís ardleibhéil a dhéanamh ar fhaisnéis atá ag teastáil anois chun freastal ar riachtanais ghnó na heagraíochta atá ag teacht chun cinn. In 2022, cuireadh tionscadal ar bun chun CBC nua-aimseartha a chur ar fáil le gnéithe feabhsaithe do Fiosrú. Reáchtáladh próiseas soláthair iomlán in 2023 agus tugadh díoltóir isteach i mí na Bealtaine 2024. Bhí roinnt fadhbanna agus deacrachtaí ag baint leis an tionscadal I dtaca leis an díoltóir, rud a d'fhág go ndearnadh cur chun feidhme tarraingthe siar an díoltóra in 2024, agus ar deireadh thiar gur cuireadh deireadh le conradh an díoltóra i mí Lúnasa 2025 tar éis tréimhse fógra trí mhí. Cistíodh é sin trí Vóta na Roinne Dlí agus Cirt. Déantar foráil i gcomhair buiséid chaipitil €6 mhilliún sa Phlean Forbartha Náisiúnta thar 2026 agus 2027 chun an tionscadal CBC a sholáthar agus tá príomhacmhainní i bhfeidhm. Tá Fiosrú ag déanamh meastóireachta ar roghanna chun an tionscadal a chur chun cinn agus déanfar cinneadh go luath in 2026. Chun na rioscaí a bhaineann le leanúint leis an gCBC atá ann cheana a mhaolú, d'fhorbair an díoltóir bunaidh CBC idirlinne modhnaithe agus cuireadh an córas sin i bhfeidhm i mí Aibreáin 2025 lena áirithiú go gcomhlíonann Fiosrú na ceanglais reachtúla go léir. Foilsíodh fógraí trédhearcachta ex ante deonacha (TEAD) maidir lenár gcuidreamh conarthach leanúnach leis an díoltóir bunaidh.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistiú riosca curtha chun feidhme ag Fiosrú ina n-aithnítear agus ina dtuairiscítear rioscaí lárnacha chomh maith leis na gníomhaíochtaí bainistíochta a phléann agus a mhaolaíonn, chomh fada agus is féidir, na rioscaí céanna.

Tá clár riosca i bhfeidhm againn a shainaithníonn na rioscaí lárnacha atá roimh Fiosrú agus déantar iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus Bord Feidhmiúcháin Fiosrú athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ar bhonn ráithiúil. Baintear leas as torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a áirithiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha.

Sa chlár riosca léirítear na rialuithe agus na bearta atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú mar aon le freagracht baill áirithe foirne as rialú a chur i bhfeidhm.

Faireachán agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear laigí rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as beart ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord, nuair is cuí, in am trátha. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí mar aon le rialuithe lena mbaineann agus gur bunaíodh próisis chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin chun aon easpa a aithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag Fiosrú chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta a bhaineann lena bhainistíocht riosca agus lena nósanna imeachta um rialú riosca. Seoltar eolas trí shaothar na n-iniúcháirí idir inmheánach agus seachtrach agus an bhainistíocht shinsearach laistigh de Fiosrú a bhíonn freagrach as an gcreat inmheánach rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Ceisteanna maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Níor sainaithníodh aon laige rialaithe inmheánaigh i ndáil le 2025, a dteastaíonn nochtadh ina leith sa chuntas leithreasa.

Sheila McClelland

Oifigeach Cuntasaíochta

Fiosrú

10 Márta 2026

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

Vóta 46 Fiosrú Oifig Ombudsman na bPóilíní

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 46 Fiosrú Oifig Ombudsman na bPóilíní don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 46 Fiosrú Oifig Ombudsman na bPóilíní don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Fiosrú Oifig Ombudsman na bPóilíní agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiteiciúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus Mac Cárthaigh

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

25 Meán Fómhair 2026

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí an Oifigeach Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainiuthnám na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo thuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúcháireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

I dtaca le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

Vóta 46 Fiosrú

Cuntas Leithreasa 2025

	2025	
	Soláthar sna meastacháin €000	Olltoradh buiséid €000
Caiteachas an chláir		
A Fiosrú	21,118	19,261
Ollchaiteachas	21,118	19,261
<i>Bain as</i>		
B Leithreasaí i gcabhair	451	397
Glanchaiteachas	20,667	18,864

Nóta ^a Is é 2025 an chéad bhliain a raibh Fiosrú ina Vóta ar leithligh agus níl figiúirí comparáideacha na bliana roimhe sin san áireamh.

Barrachas

Tá an barrachas ar an méid a soláthraíodh thar an méid glan a cuireadh i bhfeidhm faoi dhliteanas le tabhairt suas don Státchiste.

	2025 €
Barrachas atá le tabhairt suas	1,803,185

Sheila McClelland
Oifigeach Cuntasaíochta
Fiosrú

10 Márta 2026

Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasaí

Nóta 1 Ráiteas Costais Oibriúcháin 2025

		2025
	€000	€000
Costas an chláir		
Pá		13,231
Caiteachas nach mbaineann le pá		6,030
Ollchaiteachas		19,261
<i>Bain as</i>		
Leithreasaí i gcabhair		397
Glanchaiteachas		18,864
 Athruithe ar shócmhainní caipitil		
<i>Réadmhaoín, fearas agus trealamh</i>		
<i>(nóta 2.1)</i>		
Ceannacháin	—	
Dímheas	148	
		148
 Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
Méadú ar fhardail	(10)	
Méadú ar réamhíocaíochtaí	(661)	
Méadú ar infháltais fhabhráithe	(9)	
Méadú ar chostais fhabhráithe	1,248	
		568
Caiteachas vótáilte díreach		19,580
 Caiteachas arna íoc in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		116
Glanchostas an chláir		19,696

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta as na méideanna seo a leanas i ndáil le Vóta 46 a iompraítear in áiteanna eile.

		2025
		€000
Vóta 18	Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	84
Vóta 24	Ceartas, Gnóthaí Baile agus Imirce	32
		116

Nóta 2 Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025 €000
Sócmhainní caipitil		
Réadmhaoín, fearas agus trealamh	2.1	574
		574
Sócmhainní reatha		
Banc agus airgead tirim	2.2	106
Fardail	2.3	10
Réamhíocaíochtaí	2.4	661
Infháltais fhabhráithe	2.5	9
Iarmhair dochair eile	2.6	301
Glanchistiú ón Státchiste	2.9	39
		1,126
<i>Lúide</i>		
Dlíteanais Reatha		
Costais fhabhráithe	2.7	1,248
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.8	446
		1,694
Glandlíteanais reatha		(568)
Glansócmhainní		6
Arna ionadú ag:		
Cuntas cistithe Stáit	2.10	6

2.1 Réadmhaoin, fearas agus trealamh

	Feabhsuithe ar léasacht	Trealamh TF	Trealamh Oifige	Troscán, Daingneáin agus feistí	Mótarfheithiclí	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Costas nó luacháil						
Amhail an 1 Eanáir 2025	—	—	—	—	—	—
Arna aistriú ó Choimisiún an Ombudsman don Gharda Síochána	1,420	3,346	164	4,399	515	9,844
Amhail an 31 Nollaig 2025	1,420	3,346	164	4,399	515	9,844
Dímheas Carntha						
Amhail an 1 Eanáir 2025	—	—	—	—	—	—
Arna aistriú ó Choimisiún an Ombudsman don Gharda Síochána	1,036	3,167	164	4,286	469	9,122
Dímheas don bhliain	43	61	—	25	19	148
Amhail an 31 Nollaig 2025	1,079	3,228	164	4,311	488	9,270
Glansócmhainní						
Amhail an 31 Nollaig 2025	341	118	—	88	27	574
Amhail an 31 Nollaig 2024	—	—	—	—	—	—

2.2 Banc agus airgead tirim

Amhail an 31 Nollaig	2025
	€000
larmhéid agus airgead tirim PMG	95
Cuntas bainc tráchtála	11
	106

2.3 Fardail

Amhail an 31 Nollaig	2025
	€000
Trealamh	2
Tomhaltáin TF	8
	10

2.4 Réamhíocaíochtaí

Amhail an 31 Nollaig	2025
	€000
Riarachán	508
Seirbhísí agus tacaíochtaí TF	153
	661

2.5 Infháltais Fhabhráithe

Amhail an 31 Nollaig	2025
	€000
Ranníocaíochtaí aoisliúntais breise atá le fáil	9
	9

2.6 Iarmhair dochair eile

Amhail an 31 Nollaig	2025
	€000
Cuntas fionraí dochair eile	301
	301

2.7 Costais fhabhráithe

Amhail an 31 Nollaig	2025
	€000
Seirbhísí agus tacaíochtaí TF	60
Riarachán	214
Fabhrú a bhaineann go sonrach leis an gclár	87
Fabhrú a bhaineann go sonrach leis an bPárolla	326
Fabhrú Pá Saoire	561
	1,248

2.8 Iarmhéideanna creidmheasa eile

Amhail an 31 Nollaig	2025
	€000

Méideanna atá dlite don Stát

Cáin ioncaim	175
Árachas Sóisialta Pá-bhunaithe	144
Táille seirbhíse uilíche	30
Seirbhísí gairmiúla cánach	7
siarchoinneálaí	
Cáin Bhreisluacha	3
	359

Feitheamh

Asbhaintí párolla ar feitheamh	87
	446

2.9 Glanchistiú ón Státchiste

Amhail an 31 Nollaig	2025
	€000

Barrachas atá le géilleadh	1,803
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh síos	(1,842)
Glanchistiú ón Státchiste	(39)

Arna ionadú ag:

Féichiúnaithe

Banc agus airgead tirim	106
Iarmhéideanna dochair: ar feitheamh	301
	407

Creidiúnaithe

Dlíte don Stát	(359)
Iarmhéideanna creidmheasa: ar feitheamh	(87)
	(446)
	(39)

2.10 Cuntas cistithe Stáit

	Nóta	2025
		€000
larmhéid amhail an 1 Eanáir		—
Eisíocaíochtaí ón Vóta		
Soláthar sna meastacháin	Cuntas	20,667
Barrachas atá le tabhairt suas	Cuntas	(1,803)
Glanvóta		18,864
Caiteachas a iompraíodh in áit eile	1.1	116
Míreanna neamhairgid		
Aistriú isteach sócmhainní	2.1	722
Glanchostas an chláir	1	(19,696)
larmhéid amhail an 31 Nollaig		6

2.11 Gealltanais

	2025
	€000
a) Gealltanais dhomhanda	
Amhail an 31 Nollaig	
Soláthar earraí agus seirbhísí ^a	1,885
lomlán na ngealltanais infhorfheidhmithe ó thaobh dlí de	1,885

Nóta ^a Ba ghealltanais iad sin maidir le háitribh oifige a ligean ar cíós agus a oibriú, úsáid fóin agus conarthaí TF.

2.12 Léasanna Oibriúcháin

	2025
	€000
Amhail an 31 Nollaig	
Costas léasa réadmhaoine ^a	1,211

Nóta ^a Is é seo an costas a bhaineann le háitribh oifige a ligean ar cíós.

2.13 Dlíteanais Teagmhasacha

Tá Fiosrú páirteach i roinnt imeachtaí dlí a bhféadfadh dlíteanais a bheith mar thoradh orthu, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá méid nó uainiú iarbhir na ndlíteanais féideartha éiginnte.

2.14 Tionchar na n-athruithe ar an mbeartas cuntasáíochta

Ag tosú ón 1 Eanáir 2024, tá caighdeán chuntasáíochta an rialtais láir á gcur chun feidhme ar bhonn céimneach. Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur chun feidhme ar an iarmhéid cistithe Stáit sa bhliain chuntais.

	2025
	€000
Fabhrú párolla ^a	(326)
Fabhrú laethanta saoire ^a	(561)
Ranníocaíochtaí aoisliúntais breise atá infhaighte ^b	9
	(878)

- Nóta ^a CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A
- ^b CGAS 23 Ioncam ó Idirbhearta Neamh-Mhalartaithe
(Cánacha agus Aistrithe)

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rangaítear an leithdháileadh iomlán do Vóta 46 Fiosrú mar chaiteachas riaracháin a chuirtear i bhfeidhm i leith clár aonair: maoirseacht neamhspleách póilíneachta a sholáthar.

		2025	
		Soláthar sna meastacháin	Olltoradh buiséid
		€000	€000
i	Tuarastail, Pá agus Liúntais	15,094	13,231
ii	Taisteal agus Cothabháil	165	167
iii	Oiliúint agus Forbairt	430	379
iv	Oibríochtúil, seirbhísí, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach	1,785	1,657
v	Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus costais TF	1,529	1,604
vi	Costais áitribh	1,995	2,223
vii	Athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairleachta agus taighde	120	—
		21,118	19,261

Athruithe suntasacha

Tugtar breac-chuntas sna nótaí seo a leanas ar na cúiseanna le hathruithe suntasacha (ar a laghad +/- 25% agus €100,000) ar an gcaiteachas riaracháin.

vii Athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairleacha agus taighde

Soláthar sna meastacháin €120,000; olltoradh buiséid nialas

Ba iad roinnt tosca ba chúis leis an nganntanas €120,000 i gcaiteachas i gcomparáid leis an soláthar sna meastacháin. Bhí an t-éileamh ar chomhairleacht beartais a bhain leis an aistriú níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis, toisc go raibh acmhainní inmheánacha ar fáil chun an obair sin a dhéanamh. Maidir le caiteachas taighde, bhí tionchar ag an moill ar thosú an Achta um Phóilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Phobail 2024 air sin. Déantar foráil maidir leis an sainordú reachtúil don oifig chun taighde a choimisiúnú agus a fhoilsiú in Acht 2024 agus mar sin ní raibh sé i bhfeidhm ach ón 2 Aibreán 2025 i leith. Ina dhiaidh sin bhunaigh Fiosrú aonad athbhreithnithe agus acmhainn thiomnaithe ann chun ár bhfeidhm thaighde a fhorbairt. I mí na Nollag 2025, d'fhoilsigh Fiosrú a chéad pháipéar taighde – a bhain le hatreoruithe ón nGarda Síochána i ndiaidh báis nó díobhála thromchúisigh. Mar gheall ar mhoilleanna le sonrascadh agus próiseáil íocaíochtaí, níor íocadh na costais a bhaineann le foilsiú agus seoladh an pháipéir thaighde go dtí mí Eanáir 2026.

Nóta 4 Fáltais agus Ioncam

4.1 Leithreasáí i gcabhair

		2025	
		Soláthar sna meastacháin	Fíoraithe
		€000	€000
1	Ranníocaíochtaí aoisliúntais breise	449	380
2	Sochair Bhreioiteachta na RCS	1	15
6	Ilghnéitheach	1	2
		451	397

Athruithe suntasacha

Ní raibh aon athrú suntasach ar leithreasáí i gcabhair (ar a laghad +/- 5% agus €100,000).

4.2 Ioncam an Vóta

Is ionann leithreasáí i gcabhair agus méideanna airgid a fuarthas sa bhliain. Léiríonn Ioncam an Vóta ioncam a bhaineann le gníomhaíocht na bliana, bunaithe ar an bprionsabal fabhraithe.

		2025
		€000
Ioncam ó idirbhearta neamh-mhalartaithe		
Deontas ón bPríomhciste		18,864
Ranníocaíochtaí aoisliúntais breise		389
Ioncam eile		
Sochair Bhreioiteachta na RCS		15
Ilghnéitheach		2
Ioncam Iomlán		19,270
Arna ionadú ag:		
Iomlán na leithreasáí i gcabhair (nóta 4.1)		397
Deontas ón bPríomhciste		18,864
Méadú ar ioncam fabhraithe		9
		19,270

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe (coibhéisí lánaimseartha)

Amhail an 31 Nollaig	2025
Líon na mball foirne ag deireadh na bliana	184
	184

5.2 Pá

	2025
	€000
Pá	11,294
Liúntais i leith dualgas níos airde, speisialta nó breise	701
Ragobair	18
ÁSPC an Fhostóra	1,218
	13,231

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhFaightheoirí	Faightheoirí €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde
			2025
			€
Foireann Fiosrú			
Liúntais i leith dualgas níos airde, speisialta nó breise	10	2	12,227
Liúntais eile *	64	44	25,745
Ragobair	12	—	6,501
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	1	—	5,913

Nóta ^a Tá foireann imscrúdaitheoirí ar glaoch ag Fiosrú atá ar fáil 24/7 chun freagairt d'aon teagmhais bháis agus dhíobhála thromchúisigh a d'fhéadfadh tarlú.

5.4 Bandaí pá fostaithe de chuid Fiosrú

Seo a leanas líon na bhfostaithe de chuid Fiosrú ar thit a sochair fhostaithe iomlána (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan ÁSPC an fhostóra, costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach raon €10,000 ó €60,000 aníos.

Bandaí pá (€)		Líon na bhfostaithe
Ó	Go	2025
20,000	59,999	78
60,000	69,999	28
70,000	79,999	35
80,000	89,999	14
90,000	99,999	12
100,000	109,999	7
110,000	119,999	2
120,000	129,999	4
130,000	139,999	1
140,000	149,999	—
150,000	159,999	—
160,000	169,999	1
170,000	179,999	—
180,000	189,999	—
190,000	199,999	—
200,000	209,999	1
210,000	219,999	—

5.5 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Chuntasaíochta

	2025
	€000
Bunphá	165
Sochar comhchineáil	—
Liúntais	—
	165

Ní chuimsítear sa mhéid thuas luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Is ball den scéim aoisliúntais i ndiaidh 1995 do státseirbhísigh bhunaithe í an tOifigeach Cuntasaíochta agus ní shíneann a teidlíochtaí maidir le sochair scoir thar théarmaí caighdeánacha na scéime pinsin sin.

5.6 Socruithe eile luach saothair

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i leith oifigeach amháin a bhí ag fónamh lasmuigh de Fiosrú ar feadh cuid de 2025 i Roinn Rialtais eile agus ar íoc an Roinn Rialtais sin a thuarastal.

5.7 Téarbhadh agus iomarcaíocht

Ní raibh aon bhall foirne ann ar cuireadh deireadh lena fhostaíocht, ar íocadh íocaíocht iomarcaíochta agus íocaíochtaí téarfa leis nó léi le linn 2025.

5.8 Ró-íocaíochtaí Párolla

Amhail an 31 December	Líon na bhFaightheoirí	2025 €
Ró-íocaíochtaí	8	14,704
Pleananna téarnaimh i bhfeidhm	—	—

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Cúiteamh agus costais dlí

Íocaíochtaí/costais a d'íoc Fiosrú sa bhliain

	Éilimh ó		Iomlán 2025
	Fostaithe	Baill den phobal	
Líon na gcásanna	—	46	46
	€000	€000	€000
Costais dhlíthiúla de chuid Fiosrú féin	—	267	267
Íocaíochtaí ag/thar ceann Fiosrú			
Cúiteamh	—	—	—
Costais dlí	—	28	28
Iomlán 2025	—	295	295

Costais charnacha na gcásanna a cuireadh i gcrích in 2025

	Éilimh ó			Iomlán
	Fostaithe	Baill den phobal	Caillteanas nó damáiste	
Líon na gcásanna	—	15	—	15
	€000	€000	€000	€000
Costais dhlíthiúla de chuid Fiosrú féin	—	102	—	102
Íocaíochtaí ag/thar ceann Fiosrú				
Cúiteamh	—	—	—	—
Costais dlí	—	28	—	28
Costais eile	—	—	—	—
Iomlán	—	130	—	130